


## Bileog 9.1a

### Cúrsaí scolaíochta

Bí ag obair leis an duine in aice leat - déanaigí liosta de na cineálacha oideachais éagsúla atá le fáil in Éirinn faoi na teidil seo:



### Stór focal

### Cúrsaí scolaíochta

Agus sibh ag obair le chéile go fóill léigí an t-alt seo a leanas ón *Irish Times*. Cad is féidir libh a rá faoi stíl agus faoi theanga an ailt? Roghnaigí focail as an liosta seo do bhur bplé: *pearsanta, neamhphearsanta, oibiachtúil, foirmeálta, neamhfoirmeálta*. Cad iad na nithe a chuireann stíl an ailt in iúl? Cén cineál stíle is fearr a thaitníonn libhse nuair atá sibh ag léamh?

### Léamh

### Aon bhliain déag ag fás - 'ceart go leor' – Pól Ó Muirí

Bliain déag d'aois atá mo pháiste is sine. Críochnóidh sé a sheal ar bhunscoil an tseachtain seo agus chláraigh mise agus a mháthair é don mheánscoil an tseachtain seo caite.

Ócáidí iad sin a chuireann mearbhall ort mar thuismitheoir. Is doiligh dom in amanna amharc ar an snáthadán de mhac atá agam agus cuimhneamh siar ar an bhunóc bídeach a tháinig chugainn mar aoibhneas na Bealtaine 11 bliain ó shin.

Doiligh dom a chreidbheáil go bhfuil an tachtán beag a thógainn ar naíonra agus ar bhunscoil ar tairseach bheith ina dhéagóir. Doiligh dom a chreidbheáil go bhfuil sé in aois meánscoile agus go bhfuil sé cláraithe do mheánscoil mar a chláraigh mo mháthair féin mise 30 éigin bliain ó shin.

Is tapa mar a imíonn an t-am agus tú i do thuismitheoir. An oiread sin spriocamanna agus coinní dochtúra agus ócáidí spóirt agus cóisirí lá breithe agus turais gan choinne chun na hotharlainne de bharr iliomad nithe a bhaineann de pháistí - agus ó tharla ceathrar páistí bheith agam, is iomaí áiméar chun taisme a bhíonn ann.

Agus seo anois an duine is sine, ag dul chun na scoile móire, agus é ag déanamh rogha dá chuid ábhar. Ar ghnáthbhunscoil Bhéarla a d'fhreastail sé - sin a raibh de rogha againn sa chuid sin de Thuaisceart Éireann ina gcónaíonn muid - ach Gaeilge a labhair muid leis ó tháinig sé ar an saol.

Cuireann sé iontas orm cé chomh doiligh agus a bhí sé an méid sin féin Gaeilge a choinneáil leis. Oiread agus uair an chloig de rang Gaeilge ar scoil, ní bhfuair sé. Seirbhísí spóirt i nGaeilge, ní raibh aige. Dochtúirí nó altraí le Gaeilge? Fantaisíocht.

Ach bhí múinteoirí maithe aige a chosain é, a chothaigh é agus a d'oil é. Molaim an cúram Críostaí a rinne siad de ar feadh na mblianta seo agus tá a fhios agam go ndéanfaidh a mhúinteoirí nua an rud céanna.

Mise agus mo chéile mná a thug an méid beag den teanga atá aige dó. Nuair a fhiafraím de an bhfuil sé ceart go leor, freagraíonn sé "*ceart go leor*". **Trí fhocal bheaga** ar luachmhaire agam iad ná an Táin féin. Ceart go leor. Is ea, tá muid ceart go leor. Ach bhain an oiread sin oibre le 'ceart go leor' a bhaint amach. Baineann sé preab asam go fóill an oiread sin trioblóide atá i gceist le teanga a labhairt, lá i ndiaidh lae, agus gan tacaíocht ar bith agat mar thuismitheoir.

Ach seo anois an dea-scéal agus m'aililiú aonair aithriúil: roghnaigh sé an Ghaeilge mar ábhar meánscoile. Roghnaigh sé í **dá thoil dheonach fhionn ghormshúileach** féin.

Altú do Dhia! Cuideachta teanga aige thar chuideachta a athar. Comrádaithe a fhiafróidh de i nGaeilge conas mar atá sé, a chuirfidh ceist air an bhfuil obair bhaile aige, a labhróidh seafóid leis thar sheafóid a athar. Ní hé seo an lá le bheith ag cogaint ar ghanntanas seirbhísí oideachais i dTuaisceart Éireann. Ní mhothaím ach faoiseamh. Tacaíocht teanga, faoi dheireadh is faoi dheoidh. © 2008 *The Irish Times*

**An ghluais**

snáthadán – <i>daddy-long-legs</i>	bunóc bídeach – <i>small infant</i>	tachrán – <i>small child</i>
áiméar – <i>chance/opportunity</i>	aithriúil – <i>fatherly</i>	faoi dheoidh – <i>in the end, at last</i>

**Cúrsaí scolaíochta**

**Plé**

Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad iad na príomhdhifríochtaí idir an córas oideachais i dTuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann, dar libh?
2. An féidir le leanbh a fhreastalaíonn ar scoil Bhéarla ach a labhraíonn Gaeilge sa bhaile a bheith líofa sa Ghaeilge, dar libh?
3. “Má thógaim páiste le Gaeilge beidh mearbhall air agus ní bheidh an Béarla aige i gceart go deo”. Pléigh.
4. Dá mbeadh rogha agatsa aon ábhar a roghnú agus tú ag staidéar, cad a roghnófá? Cén fáth?

**Bileog 9.1b**

**Cúrsaí Scolaíochta**

**Teanga**

Bí ag obair leis an duine in aice leat - féachaigí ar na focail i gcló Iodálach thíos ón alt atá díreach léite agaibh agus freagraigí na ceisteanna.

- (a) ‘...Trí fhocal bheaga...’ Cad iad na rialacha a bhaineann leis na maoluimhreacha (gan aon aidiacht go fóill). Líonaigí na bearnaí sa bhosca thíos chun na rialacha a chur in iúl.

Ainmfhocal	1 (séimhiú)	2-6 (séimhiú)	7-10 (urú)
<b>Consan (bord/cóta/gúna)</b>			
<b>Guta (uimhir/oíche/ubh)</b>			

- (b) Bainigí úsáid as na focail sa bhosca thuas chun na rialacha a bhaineann le **déag** a chur in iúl.
- (c) Féachaigí ar an sampla seo - **dá thoil dheonach fhionn ghormshúileach** - cén fáth a bhfuil séimhiú ar na haidiachtaí? Pléigí na hathruithe a thagann ar aidiacht nuair a leanann sé ainmfhocal firinscneach agus baininscneach.
- (d) Anois, cad is féidir libh a rá faoin aidiacht **beag** sa chás thuas! Léigí na rialacha seo agus freagraigí na ceisteanna (1-10) ina dhiaidh sin.

- Nuair a bhíonn aidiacht le huimhir idir 2 -19 cuirtear an aidiacht san uimhir iolra agus séimhítear í, mar shampla, ‘trí fhocal bheaga’, ‘cúig shráid mhóra’ agus ‘16 leabhar bheaga’
- Nuair a leanann aidiacht uimhir ó 20 amach, ní athraíonn an t-ainmfhocal agus cloíonn an aidiacht leis na gnáthrialacha a bhaineann le haidiacht a leanann ainmfhocal, i.e. cuirtear séimhiú ar aidiacht a leanann ainmfhocail bhaininscneacha, mar shampla, ‘tríocha is a ceathair leaba chompordach’ **ach** ‘seasca a haon lá fada’.
- Athraigí na focail idir lúibíní más gá:

6 (ceacht) (deacair)	85 (buidéal) (glas)	18 (bord) (mór)	155 (pláta) (bán)
7 (cathaoir) (dubh)	31 (bróg) (beag)	15 (leabhar) (suimiúil)	3 (focal) (beag)
76 (cluiche) (maith)	11 (siopa)		

**Bileog 9.1c****An tuiséal ginideach****Rialacha**

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na hamanna a úsáidtear an tuiséal ginideach, uatha (sa bhosca thíos).

- a) An féidir libh samplaí eile a chur leis na samplaí tugtha sa cholún ar dheis?

<b>Bíonn an tuiséal ginideach (uatha) i gceist sna cásanna seo a leanas:</b>	<b>Samplaí:</b>
1. Nuair a leanann ainmfhocal ainmfhocal eile.	hata Sheáin gluaisteán an fhir rothar na mná
2. Nuair a thagann ainmfhocal tar éis ainmneacha briathartha.	ag glanadh an tí ag déanamh na hoibre ag ól an fhíona
3. Nuair a leanann ainmfhocal réamhfocail áirithe.	chun na Fraince timpeall na scoile dála an scéil trasna an bhóthair
4. Nuair a leanann ainmfhocal focail a chuireann cainníocht in iúl.	a lán oibre níos mó eolais an iomarca dí

- b) Féachaigí siar ar an alt ar **Bileog 9.1a** agus aimsígí samplaí ón téacs a léiríonn samplaí den tuiséal ginideach, uatha (1-4) thuas. Líonaigí isteach sa bhosca iad.

## Bileog 9.2a

### Scoil agus páistí

### Cumadóireacht

Beidh sibh ag léamh ailt ar ball. Ag obair leis an duine in aice leat, samhlaíghí ábhar an ailt ó na focail/frásaí thíos, más féidir libh:

Croíbhriste	dáta scortha	saineolas	ualach mór oibre
naíonraí	comharba	an fhís a bhí acusan	
cúram agus oideachas trí Ghaeilge			

### Scoil agus páistí

### Léamh

Léigh an t-alt le chéile anois. Cén dóigh a raibh sí éagsúil ón scéal a chum sibh féin?

### “Cic sa tóin” do cheannródaithe na naíonraí – Kevin Hickey

Cathaoirleach Forbairt Naíonraí Teoranta (FNT) croíbhriste agus cinneadh déanta faoi dháta scortha na heagraíochta – Kevin Hickey 16/12/14

“Croíbhriste” atá Cathaoirleach Forbairt Naíonraí Teoranta (FNT), Máire Uí Bhriain, go bhfuil dáta scortha socraithe don eagraíocht sin. Dheimhnigh Uí Bhriain le Tuairisc.ie go bhfuil cinneadh déanta gur i mBealtaine na bliana seo chugainn a dhéanfar FNT a scor. Dúirt Uí Bhriain go bhfuil baol anois ann go gcaillfí anaineolas go léir atá cruinnithe go dtí seo ar luathbhlianta oideachais leanaí scoile agus gurb é is dóichí ná go bhféadfar bearna sna seirbhísí atá á gcur ar fáil i láthair na huairé.

Is í an eagraíocht Gaelscoileanna a ghlacfaidh cúraimí FNT orthu féin an samhradh seo chugainn. Toisc go bhfuil Gaelscoileanna ag plé leis an mbunscolaíocht agus leis an meánscolaíocht, tá ualach mór oibre ar an bhfoireann bheag ansin cheana féin, a dúirt Uí Bhriain, agus b'fhéidir go mbeadh sé deacair dá bharr daoine leaineolas ar na luathbhlianta a aimsiú agus a cheapadh mar chuid den atheagar a dhéanfar ar na seirbhísí in 2015. Fágann an méid seo go bhfuil sí buartha faoina bhfuil i ndán do na seirbhísí céanna.

Is é an bhuaire is mó atá uirthi ná go rachfar i muinín tacaíochta ó ghrúpaí naíonra Béarla amach anseo toisc a laghad cabhrach a bheith ar fáil do naíonraí Gaeilge. Dúirt sí gur “cic sa tóin” atá sa chinneadh seo do na “ceannródaithe” go léir a raibh baint acu le naíonraí Gaeilge a bhunú ar fud na tíre agus d'fhiafraigh “cá bhfuil an fhís a bhí acusan anois?” Ar a shon sin, tá sí “an-bhródúil” as an méid atá bainte amach ag na naíonraí go léir go dtí seo agus go leanfaidh sí uirthi i mbun a cuid dualgas mar stiúrthóir ar a naíonra féin thíos i gCorcaigh.

Beirt eile atá fostaithe go lánaimseartha ag FNT cé is moite den Chathaoirleach. Tá post nua á fháil ag duine acu sin ach níl aon phost nua aimsithe fós ag an duine eile. Cuideachta dheonach uile-Éireann í Forbairt Naíonraí Teoranta atá ar an bhfód ó 2003 agus a thacaíonn le seirbhísí, cúram agus oideachas trí Ghaeilge a chur ar fáil do leanaí óga ón gcliabhán amach. Bunaíodh FNT mar chomharba ar an gComhchoiste Réamhscolaíochta Teo. Cé go mbíodh an Comhchoiste freagrach as an tír iomlán, is iad na ceantair lasmuigh den Ghaeltacht atá faoi chúram FNT sa lá inniu. Tá deireadh tagtha le maoiniú na heagraíochta ó Fhoras na Gaeilge ó Mheitheamh na bliana seo agus tá FNT ag baint leasa as an maoiniú a fhaigheann siad ó chlár ‘pobal’ na Roinne Oideachais chun maireachtáil go Bealtaine na bliana seo chugainn, tráth a aistreofar a gcúraimí chuig Gaelscoileanna.

- Pléigí na ceisteanna seo le chéile:

**Cuid A**

1. Cén t-ábhar éadóchais atá sa mhír seo?
2. Cén cineál eagraíochta a bhí in FNT?
3. Cén scáth faoina bhfuil sí anois?

**Cuid B**

- (a) Céard atá cloiste agat faoin tSamhail Nua Mhaonaithe? An rud dearfach atá tar éis tarlú, dar leat?
- (b) Déan roinnt taighde faoi na 6 cheanneagraíocht atá freagrach anois as cur chun cinn na Gaeilge i réimsí éagsúla. Céard iad? Cé na sainchúraimí atá orthu?

**Cuid C**

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa.

- (a) Cén aois ar cheart do pháistí tosú ar an scoil, dar leat?
- (b) Ar fhreastail tú féin ar aon áit réamhscoile?
- (c) An bhfuair tú oideachas maith sa bhunscoil, dar leat?
- (d) Ar cheart oideachas a bheith saor in aisce do chách?
- (e) Cad a cheapann tú faoi scolaíocht bhaile?
- (f) Cad is duine ardréime ann?
- (g) Cad a cheapann tú faoi éide scoile?
- (h) Cé acu is fearr - scoil chónaithe nó scoil lae?
- (i) Cad a cheapann tú faoi urraíocht a fháil ó chomhlachtaí móra chun íoc as costais trúí leibhéal?



## Bileog 9.2b




### Scoil agus páistí

### Éisteacht

Bí ag obair leis an duine in aice leat – beidh sibh ag éisteacht le míreanna ó chanúintí éagsúla ón dlúthdhiosca a théann leis an bpacáiste foghlama *Gaschaint*. Freagraí na ceisteanna thíos.

- (a) Sula n-éisteann sibh leis na míreanna líonaigí na ciorcail (Canúint Chonnacht/Canúint Uladh/Canúint na Mumhan) leis na focail chuí a úsáidtear sna canúintí éagsúla. Bígí cúramach áfach, go minic úsáidtear an focal céanna i níos mó ná canúint amháin.

faoi	cúnamh	an gceapann tú?	cad é mar atá tú?	foscailte
cuidiú	an dtig liom?	imní	an síleann tú?	cén chaoi a bhfuil tú?
Gaolainn	cén t-am?	an dóigh leat?	cathain?	fá
Gaeilic	cabhair	an bhféadfainn?	conas atá?	an féidir liom?
mar gheall ar	Gaeilge	cén uair?		



- (b) Léigí an script agus sibh ag éisteacht anois. An raibh an ceart agaibh?

#### Canúint an Iarthair

- Ní bhfuair muid seans an leabhar a cheannacht fós.
- Ceannóidh muid inniu é. Ceannóidh muid amárach é.
- Ba mhaith liom labhairt leat faoi Mháire.
- An bhféadfainn coinne a dhéanamh leat?
- Tá imní orm faoi Shéamas.
- Tá imní orm faoi Bhríd.
- Tá imní orm faoi m'iníon/Tá imní orm faoi mo mhac.
- An gceapann tú go bhfuil deacracht ag Caitriona leis an léitheoireacht?
- An gceapann tú go bhfuil deacracht ag Ciarán leis an Mata?
- An gceapann tú go bhfuil deacracht ag Eibhlín leis an nGaeilge?
- Cén chaoi a bhfuil ag éirí le Laoise sa Mata?/Cén chaoi a bhfuil ag éirí le Cormac sa nGaeilge?
- Cén uair a bheidh an veidhlín ar siúl?/Cén uair a bheas na ranganna veidhlín ar siúl?
- An bhfuil an naíonra oscailte inniu?
- Go raibh míle maith agat as an gcúnamh ar fad./Go raibh míle maith agat as an gcúnamh uilig.

**Canúint Uladh**

- Ní bhfuair muid seans an leabhar a cheannacht go fóill.
- Ceannóidh muid amárach í.
- Ba mhaith liom labhairt leat fá Mháire.
- An dtig liom coinne a dhéanamh leat?
- Tá mé buartha fá mo mhac./Tá mé buartha fá Shéamas./Tá mé buartha fá m'iníon./Tá mé buartha fá Bhríd.
- An síleann tú go bhfuil fadhb ag Caitriona leis an léitheoireacht?
- An síleann tú go bhfuil fadhb ag Ciarán leis an Mhata?
- An síleann tú go bhfuil fadhb ag Eibhlín leis an Ghaeilge?
- Cad é mar atá ag éirí le Laoise leis an Mhata?/Cad é mar atá ag éirí le Cormac leis an Ghaeilge?
- Cén t-am a bheas na ranganna veidhlín ar siúl?
- An bhfuil an naíonra foscailte inniu?
- Go raibh míle maith agat as do chuidiú uilig.

**Canúint na Mumhan**

- Ní bhfuairéamar seans an leabhar a cheannach fós.
  - Ceannóimid inniu é/Ceannóimid amárach é.
  - Ba mhaith liom labhairt leat mar gheall ar Mháire.
  - An féidir liom coinne a dhéanamh leat?
  - Táim inmíoch faoi mo mhac./Táim inmíoch faoi Shéamas.
  - Táim buartha faoi m'iníon./Táim buartha faoi Bhríd.
  - An dóigh leat go bhfuil deacracht ag Caitriona leis an léitheoireacht?
  - An dóigh leat go bhfuil deacracht ag Ciarán leis an Mata?
  - An dóigh leat go bhfuil deacracht ag Eibhlín leis an nGaolainn?
  - Conas atá ag éirí le Laoise sa Mhata? Conas atá ag éirí le Cormac sa Ghaolainn?
  - Cathain a bheidh na ranganna veidhlín ar siúl?
  - An bhfuil an naíonra oscailte inniu?
  - Go raibh míle maith agat as an gcabhair ar fad.
- Ar thug sibh faoi ndeara go n-úsáidtear an focal **buartha** i gcanúint Uladh agus canúint na Mumhan? Cad is brí leis an fhocal seo sa dá chanúint sin? An féidir libh smaoineamh ar aon fhocal eile a úsáidtear sna canúintí áirithe ach a bhfuil brí éagsúil acu?
  - Ní bhfuair muid **Vs** Ní bhfuairéamar. Pléigh.

**Scoil agus páistí****Plé**

Pléigh na ceistanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa. Mura bhfuil páistí agat féin labhair fút féin nuair a bhí tú ar scoil.

1. An bhfuil aon deacracht ag do pháiste le hábhar ar bith ar scoil? Cad é agus cén fáth?
2. An féidir leat a rá go bhfuil caidreamh maith agat le múinteoir(i) do pháiste(i)?
3. An bhfuil go leor smachta sna ranganna a bhfreastalaíonn do pháiste(i) orthu?
4. An bhfuil do pháiste(i) sásta ar an scoil, dar leat?
5. An mbíonn mórán obair bhaile le déanamh ag do pháiste(i)?

## Bileog 9.3

### Scoil agus déagóirí

- Léigh an léirmheas seo leis an duine in aice leat - tá an ghluais ann le cuidiú libh. Déanaigí plé le chéile ar chúis an tséimhithe sna focail a bhfuil cló dubh orthu sa téacs.

Foilsithe: An chéad chló, 2006;  
Athchló: 2007  
ISBN: 978-1-901176-62-9(1-901176-62-2)  
Leathanaigh: 160  
Clúdach: bog  
Praghas: €10



Daoine daibhre – *daoine bochta*  
Aicmeachas – *classism*  
Seoinínteacht – *Shoneenism*  
coimhthiú – *alienation*  
imeallú – *marginalisation*

Úrscéal dírithe ar dhéagóirí atá i gceist le *hurlamaboc*, cé go bhféadfadh foghlaimoirí fásta sult agus tairbhe a bhaint as fosta. Tá leibhéal na teanga éasca go leor agus níor chóir go gcuirfeadh sé stró rómhór ar léitheoirí óga an leabhar a láimhseáil. Mar sin féin, beidh caighdeán measartha maith Gaeilge de dhíth ar léitheoir chun an scéal a léamh ar a shuaimhneas. Taitneoidh an úsáid **fhorleathan** a bhaintear as gnáth-theanga **dhéagóirí** an lae inniu le léitheoirí óga - na téarmaí sin atá ag an aos óg ón teilifís nó as a measc féin, *cool, no way!, bogger, scobie, creep* agus a leithéid.

Saol na linne i mbuachbhaile de chuid na príomhchathrach mar a mhaireann lucht rachmais agus daoine daibhre, teaghlaigh '**ghnácha**' agus teaghlaigh beagán eisceachtúil agus an tslí a dtagann déagóirí slán tríd is ábhar don úrscéal seo. Triúr atá i gceist anseo - Ruán, Colm agus Emma - agus tá fadhbanna agus dúshláin i gceist ag gach duine acu. Cuirtear béim ar an aicmeachas agus an tseoinínteacht a bhaineann leis an saol mar a mhairimid in Éirinn é faoi láthair. Ciallaíonn 'hurlamaboc' raic, rír, nó achrann de chineál éigin agus tarlaíonn hurlamaboc i saol an triúr déagóirí, Ruán, Emma agus Colm, atá lárnach san úrscéal. Baineann siad le haicmí éagsúla sóisialta (téama a ndéantar a mhór de san úrscéal), cé go bhfuil cónaí orthu gar dá chéile. Bhí Ruán agus Colm ar an bhunscoil le chéile ach d'fhreastail siad ar **mheánscoileanna** difriúla. Is é an hurlamaboc a tharraingíonn eachtraí a saoil le chéile i rith an leabhair. Tá cónaí ar Emma gar go leor don bheirt eile agus fágann sin go gcaitear le chéile i dtriantán eachtraí iad. [Níl sé i gceist agam an hurlamaboc a lua anseo siocair go scriosfadh sé éirim an scéil ar dhuine ar bith nach bhfuil an t-úrscéal léite acu.]

Caitheann an t-údar giota maith de **chuid** tosaigh an leabhair ag cur na gcarachtar in aithne don léitheoir agus ag dathú a gcúlra ar mhaithe leis sin. Gluaiseann an scéal beagáinín malltríallach ag an tús dá bharr sin. Is é Ruán príomhcharachtar an scéil. Faigheann an léitheoir blas éifeachtach ar 'fhoirfeacht' a mháthar, Lisín. (Chuir sí carachtar as Desperate Housewives i gcuimhne domhsa) Is gasúr cruthaitheach neamhspleách é Ruán. Ba mhaith leis ealaín nó scannánaíocht a dhéanamh i ndiaidh na hArdteiste ach tá a **mháthair** ina choinne sin. Faigheann an léitheoir léargas maith ar an chineál ardnósachta a bhaineann le roinnt daoine ag cóisir atá ag Lisín agus a fear céile, Pól, go luath san úrscéal, le cuimhneachán fiche bliain a bpósta a cheiliúradh. Imíonn siad chun na Tuirce ar feadh seachtaine ina dhiaidh sin ar laethanta saoire. Tá Ruán fágtha sa teach leis féin ós rud é go bhfuil a dheartháir, Cuán, imithe chun fanacht le cairde. Is le linn do na tuismitheoirí a bheith ar shiúl ar a gcuid laethanta saoire a tharlaíonn an hurlamaboc.

Cuirtear na croícharachtair eile in aithne dúinn de réir a chéile. Tá cúlra **Choilm** garbh go leor. Fágann fadhb ólacháin a athar go mbuaileann sé an líon tí, an **mháthair** go háirithe, go minic. Tá Colm féin i gcoinne an alcóil de bharr an dochair a dhéanann sé ina shaol féin agus i saol daoine i gcoitinne. Tugtar léiriú maith anseo ar a ghairbhe atá an saol ag cuid d'aos óg an lae inniu agus ar na deacrachtaí nó na dúshláin a bhíonn rompu sa saol. Éiríonn le hÉilís Ní Dhuibhne plé cumasach a dhéanamh ar an **choimhthiú** agus ar an imeallú sóisialta trí **shúile** déagóra sa snáithe seo den phlota



fosta. Nuair a chuirtear Emma ar aithne dúinn ar deireadh comhlfontar an triantán carachtar seo. Tá a máthair, Eibhlín, scartha ó athair Emma. Seán is ainm dó siúd. Fágann sin go ndéantar iniúchadh áirithe ar chás na máthar aonair mar shnáithe sa scéal agus is cinnte gur téama é sin a thuigfidh go leor daoine óga a léifidh an t-úrscéal seo, fiú mura bhfuil taithí ar a leithéid acu. Faighimid amach gur cailín neamhspleách stuama atá in Emma. Tá an-suim aici sa léitheoireacht, cé go gceileann sí é sin ar gach duine seachas ar a hathair atá ina fhile Gaeilge agus a bhfuil sí mór leis. Tá sí cairdiúil le Ruán agus tá suim aici ann ach síleann sí nach gcuireann seisean aon suim ar leith intise. (Tugann sé sin an 'love interest' san úrscéal seo dúinn.)

Bainfidh léitheoirí, idir óg agus fhásta, sult as an úrscéal seo. Scíthléitheoireacht atá ann agus baineann an t-ábhar le saol comhaimseartha **Bhaile** Átha Cliath agus leis an chineál éirí in airde a bhaineann le cuid de sin, chomh maith le cuid dá dhuaireas. Níl sé éasca ar scríbhneoir teacht i dtír ar ghuth údarach déagóirí agus é sin a dhéanamh ar bhealach a thaitneoidh leis an dream céanna. Tá an-iarracht déanta ag Éilís Ní Dhuibhne an blas iontaofa sin a aimsiú, agus a shuíomh i scéal a iompróidh suim an léitheora ó thús go deireadh. Cloch eile ar charn ábhar léitheoireachta Gaeilge na n-óg atá anseo agus ba chóir é sin a cheiliúradh.

*Ciarán Mac Murchaidh, The Irish Book Review - Samhradh 2006*

### Scoil agus déagóirí

### Plé

Pléigh na ráitis seo leis na daoine eile i do ghrúpa.

- Tá caighdeán an oideachais sa tír seo an-mhaith.
- Is post deacair é post an mhúinteora.
- Tá an iomarca brú ar mhic léinn pointí arda a fháil san Ardteistiméireacht.

Ansin pléigí na ceisteanna seo:

- An léann tú mórán leabhar Gaeilge?
- An léann tú léirmheasanna leabhar?
- Cad is féidir a rá faoin stíl scríbhneoireachta sa léirmheas seo?
- Cad é an leabhar is fearr a léigh tú le déanaí?

## Bileog 9.4a

### Cúrsaí oideachais

### Curriculum Vitae

Féach féin agus an duine in aice leat ar na treoracha thíos a thugann *Europass* chun an chuid sin de CV a bhaineann le hoideachas a chruthú. Léigí an t-eolas le chéile.



#### Treoracha maidir le húsáid curriculum vitae Europass

(<http://europass.cedefop.europa.eu>)

#### Oideachas agus oiliúint

Faoin gceannteideal seo, déan iontráil ar leith do gach cúrsa a críochnaíodh i.e. gach cúrsa as a bhfuarthas cáilíocht, **ag tosú leis an gceann is déanaí.**

#### Nótaí:

- más teoranta do thaithí oibre fós (toisc go bhfuil tú díreach tar éis an scoil nó an ollscoil a fhágáil), déan cur síos ar d'oideachas agus ar d'oiliúint i dtús báire;
- ní gá gach cáilíocht dá bhfuil agat a léiriú: ná téigh siar chomh fada leis an mbunscoil má tá céim ollscoile agat; díriú ar na cáilíochtaí a bhaineann leis an iarratas;
- atáirg na ceanteidil (ag úsáid an ordaithe 'cóipeáil / greamaigh' i do bhogearraí próiseála focal) chomh minic agus is gá.

<b>Dátaí</b>	Scríobh dátaí a thaispeánfaidh cé chomh fada is a bhí tú i mbun an chúrsa, m.sh.: Ó Mheán Fómhair 2010 go Meitheamh 2013
<b>Teideal na cáilíochta bronnta</b>	Scríobh teideal cruinn na cáilíochta, m.sh.: Gairmcháilíocht Náisiúnta (NVQ) Leibhéal 2: Seirbhís Báicéireachta <b>Nóta:</b> seachain giorrúcháin a úsáid ina n-aonar (m.sh. NVQ)
<b>Príomhábhair/scileanna ceirde a clúdaíodh</b>	Achoimrigh na príomhábhair nó scileanna gairme a múineadh le linn an chúrsa, á ngrúpáil más gá ar mhaithe le gontacht, m.sh.: <b>Ginearálta</b> - Béarla, Breatnais, matamaitic, teanga iasachta (Spáinnis) - corpoideachas agus spórt <b>Ceirdeanna</b> - teicnící gairme (ag déanamh aráin, arán milis, agus cistí) - an eolaíocht mar a bhaineann sí le bia agus trealamh (micribhitheolaíocht, bithcheimic, sláinteachas) - teicneolaíocht cheirde (bunphrionsabail, sláinteachas agus sábháilteacht) - eolas ar an ngnó agus ar an dlí. <b>Nóta:</b> díriú ar na scileanna ceirde a bheadh ina mbuntáiste dá gceapfaí sa phost thú.
<b>Ainm agus cineál na heagraíochta a sholáthair oideachas</b>	Tabhair ainm (agus más cuí, seoladh) agus cineál na heagraíochta ar fhreastail tú uirthi, m.sh.: South Wales Technical College Glamorgan Place Cardiff CF1 2AB
<b>An cháilíocht náisiúnta nó idirnáisiúnta (Má bhaineann sí le hábhar)</b>	Má tá an cháilíocht ag freagairt de chóras creidiúnaithe luaigh an leibhéal sin, más gá luaigh an comhlacht a bhronn an cháilíocht. náisiúnta nó idirnáisiúnta. Más gá, cuir ceist ar an gcomhlacht a dhámh an cháilíocht.

## Cúrsaí oideachais

## Rólimirt

Anois, líon isteach do chuid eolais féin faoi oideachas agus faoi chúrsaí ar bith atá faighte agat sa CV folamh ar **Bileog 9.4b**. Ní gá a bheith ffrinneach – bí cruthaitheach más maith leat! Nuair atá sé líonta agat tabhair do CV don duine in aice leat. Beidh sibh beirt ag déanamh rólimeartha anois - bunaithe ar an eolas a líon sibh isteach ar an CV.

Rólimirt: Duine A – an t-agallóir / Duine B – an t-agallaí

Cuirfidh duine A ceisteanna ar dhuine B faoina chúlra oideachais bunaithe ar an eolas atá scríofa ar an CV. Caithfidh duine B na ceisteanna a fhreagairt agus cur leis na ceisteanna más féidir. Malartaígh róil ansin. Féach ar na ceisteanna agus freagraí samplacha thíos le cuidiú libh.

- Cén áit a bhfuair tú do chuid meánscolaíochta?
- Cén áit a ndeachaigh tú ar ollscoil?
- Cén áit a ndearna tú an mháistreacht?
- Inis dom faoin chúrsa máistreachta a rinne tú!
- Bhí mé in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Rinne mé céim san innealtóireacht.
- Chaith mé bliain ar thaithí oibre le comhlacht i Meiriceá.
- Chuaigh mé go hOllscoil na Banríona mar mhac léinn aibí agus rinne mé céim sa tráchtáil. Chuaigh mé go dtí coláiste oiliúna ansin agus rinne mé diplóma sa mhúinteoireacht.
- Bhí orainn freastal ar léachtaí faoin litríocht agus ansin rinne mé taighde ar logainmneacha Charna.
- Bhí obair leanúnach le déanamh le linn na bliana agus ansin bhí scrúdú scríofa againn ag deireadh na bliana.
- Bígí cinnte go gcuireann sibh, sibh féin chun cinn go cruinn agus go cumasach!

**Bileog 9.4b****Cúrsaí oideachais****Curriculum Vitae**

<b>Dátaí</b>	
<b>Teideal na cáilíochta bronnta</b>	
<b>Príomhábhair/scileanna ceirde a clúdaíodh</b>	
<b>Ainm agus cineál na heagraíochta a sholáthair an t-oideachas agus an oiliúint.</b>	
<b>Dátaí</b>	
<b>Teideal na cáilíochta bronnta</b>	
<b>Príomhábhair/scileanna ceirde a clúdaíodh</b>	
<b>Ainm agus cineál na heagraíochta a sholáthair an t-oideachas agus an oiliúint.</b>	
<b>Dátaí</b>	
<b>Teideal na cáilíochta bronnta</b>	
<b>Príomhábhair/scileanna ceirde a clúdaíodh</b>	
<b>Ainm agus cineál na heagraíochta a sholáthair an t-oideachas agus an oiliúint.</b>	